

Cogadh sa Mheánoirthear

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcogadh atá ar siúl sa tSiria. Féach tú féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. na Náisiúin Aontaithe	a. <i>rebel-held</i>
2. fiosrú neamhspleách	b. <i>surrender</i>
3. saoránaigh	c. <i>pretence</i>
4. i seilbh ceannairceach	d. <i>military and security leaders</i>
5. cur i gcéill	e. <i>the United Nations</i>
6. airm cheimiceacha	f. <i>members</i>
7. a iniúchadh	g. <i>to inspect</i>
8. géilleadh	h. <i>citizens</i>
9. comhaltaí	i. <i>breached, violated</i>
10. cinnirí airm agus slándála	j. <i>chemical weapons</i>
11. sáraithe	k. <i>independent investigation</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís agus abair an bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach.

1. Tá an Rúis ag iarraidh go ndéanfar fiosrú neamhspleách faoin ionsaí a rinneadh ar shaoránaigh in Douma.
2. Tá an Rúis chun an rún a chur faoi bhráid an Aontais Eorpaigh.
3. Tá na Stáit Aontaithe i dteagmháil leis an nGearmáin agus leis an bhFrainc faoin eachtra.
4. Maíodh gur ionsaí gáis nimhiúil a bhí i gceist in Douma.

5. Ní chreideann ambasadóirí na Rúise agus na Siria gur baineadh úsáid as airm cheimiceacha san ionsaí.
6. Ní bheidh comhaltaí ón Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha ag dul chun na Siria mar nach bhfuil aon ghá leo.
7. Deir na Francaigh go rachaidh siad i mbun gnímh mar tá an líne dhearg sáraithe.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus bain úsáid as na focail ó **Ceist 1** thuas, chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre.

Ceist 4 ‘...Deir na Francaigh go mbeidh siad ...’

1. Féach ar na briathra mírialta san aimsir fháistineach agus líon na bearnaí.

abair	An ndéarfadh tú? Déarfadh/ Ní déarfadh
beir	An _____ tú? Béarfadh/ Ní bhéarfadh
clois	An gcloisfidh tú? _____/ Ní chloisfidh
déan	An ndéanfadh tú? Déanfadh/ Ní _____
faigh	An bhfaighidh tú? Gheobhaidh/ Ní _____
feic	An _____ tú? Feicfidh / Ní fheicfidh
ith	An íosfadh tú? _____/ Ní íosfadh
tabhair	An dtabharfadh tú? _____/ Ní thabharfadh
tar	An dtiocfadh tú? Tiocfadh/ Ní _____
téigh	An _____ tú? Rachaidh/ Ní rachaidh
bí	An mbeidh tú? Beidh/ Ní _____

2. Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat faoi na pleananna atá aige nó aici don deireadh seachtaine. Bain úsáid as na briathra mírialta san aimsir fháistineach thuas.
3. Cad iad na deirí a chuirtear leis na briathra rialta san aimsir fháistineach? Bain úsáid as na briathra seo chun na deirí a léiriú:

bris, dún, bunaigh, aimsigh

Ceist 5 ‘...idir an dá linn..’

Is iomaí nath cainte sa Ghaeilge a bhfuil an réamhfhocail ‘idir’ mar chuid díobh. Cuir na cinn thíos in abairtí lena mbrí a léiriú.

- idir dhá chomhairle
- idir dáil agus pósadh
- éirigh idir
- idir ghob, chleite is sciathán
- idir an dá aois

Ceist 6

Pléigh na ceistanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Ar cheart do thíortha an Iarthair Iadar a chur isteach sa chogadh sa tSiria?
2. Cad is brí le bréagnuacht nó *fake news* mar a thugtar air i mBéarla?
3. Cén fáth a bhfuil Bashar al-Assad ag déanamh sléachta ar a mhuintir féin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
e	k	h	a	c	j	g	b	f	d	i

Ceist 2

1. Fíor.
2. Bréagach, tá siad chun an rún a chur faoi bhráid na Náisiún Aontaithe
3. Bréagach, tá na Stáit Aontaithe i mbun cainte leis an mBreatain agus leis an bhFrainc.
4. Fíor.
5. Fíor nó ní fios, **deir siad** nach gcreideann siad!
6. Bréagach, ní bheidh siad ag dul ann mar rinneadh ionsaí orthu dhá uair roimhe seo.
7. Bréagach, deir na Francaigh go rachaidh siad i mbun gnímh **má** tá an líne dhearg sáraithe.

Ceist 3

Féach an script

Ceist 4

abair	An ndéarfaidh tú? Déarfaidh/ Ní déarfaidh
beir	An mbéarfaidh tú? Béarfaidh/ Ní bhéarfaidh
clois	An gcloisfidh tú? Cloisfidh/ Ní chloisfidh
déan	An ndéanfaidh tú? Déanfaidh/ Ní dhéanfaidh
faigh	An bhfaighidh tú? Gheobhaidh/ Ní bhfaighidh
feic	An bhfeicfidh tú? Feicfidh / Ní fheicfidh
ith	An íosfaidh tú? Íosfaidh/ Ní íosfaidh
tabhair	An dtabharfaidh tú? Tabharfaidh/ Ní thabharfaidh
tar	An dtiocfaidh tú? Tiocfaidh/ Ní thiocfaidh
téigh	An rachaidh tú? Rachaidh/ Ní rachaidh
bí	An mbeidh tú? Beidh/ Ní bheidh

Bris	Dún	Bunaigh	Aimsigh
brisfidh mé	dúnfaidh mé	bunóidh mé	aimseoidh mé
brisfidh tú	dúnfaidh tú	bunóidh tú	aimseoidh tú
brisfidh sé/sí	dúnfaidh sé/sí	bunóidh sé/sí	aimseoidh sé/sí
brisfimid	dúnfaimid	bunóimid	aimseoimid
brisfidh sibh	dúnfaidh sibh	bunóidh sibh	aimseoidh sibh
brisfidh siad	dúnfaidh siad	bunóidh siad	aimseoidh siad
brisfear	dúnfar	bunófar	aimseofar

Ceist 5

idir dhá chomhairle – *between two minds*
 idir dáil agus pósadh – *engaged*
 éirigh idir – *to fall out*
 idir ghob, chleite is sciathán – *lock, stock and barrel*
 idir an dá aois – *of uncertain age*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha

Tá an Rúis le rún a chur os comhair na Náisiún Aontaithe, ag iarraidh fiosrú neamhspleách faoin ionsaí ceimiceach a deineadh¹ ar bhaile Douma sa tSiria. Idir an dá linn, tá Donald Trump i mbun cainte leis an bhFrainc agus leis an mBreatain faoi ionsaithe airm a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an tSiria.

Phléigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an sléacht a deirtear a deineadh² ar shaoránaigh in Douma, an baile mór deireanach in oirthear Ghouta, atá i seilbh ceannairceach.

Deir lucht leighis gur maraíodh dhá scór ar a laghad san ionsaí gáis nimhiúil. Dúirt ambasadóirí na Siria agus na Rúise nár tharla a leithéidí, nach bhfuil ann ach cur i gcéill, gur cumadóireacht mar a dhéanfaí in Hollywood atá ann. Tá Meiriceá tar éis rún a mholadh le húsáid airm cheimiceacha sa tSiria a iniúchadh. Sheas an Rúis sa mbealach³ air sin, ach tá siad tar éis géilleadh tráthnóna agus iad féin ag moladh fiosrú neamhspleách anois, cé nach bhfiosrófaí ach an méid a tharla in Douma. Ach is caol an seans go mbeidh an Eagraíocht Dhomhanda um Chosc ó Airm Cheimiceacha⁴ sásta dul chomh fada leis an áit. Tá comhaltaí leo a bhí i mbun fiosraithe go háitiúil cheana, tar éis ionsaí a fhulaingt faoi dhó le roinnt blianta anuas.

Tá an tUachtarán Trump tar éis casadh lena chuid cinnirí airm agus slándála. Deir sé go bhfuil Washington ag fiosrú céard go baileach a tharla. Deir na Francaigh go mbeidh siad féin i mbun gnímh, más fíor, mar a dúirt urlabhraí, go bhfuil líne dhearg sáraithe.

¹ *rinneadh* an leagan caighdeánach

² *rinneadh* an leagan caighdeánach

³ Córas Chonnacht

⁴ *An Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha* an teideal oifigiúil